



annual report  
tuarascáil bhliantúil  
**2016**





Annual Report 2016

Tuarascáil Bhliantúil 2016

ISBN: 978-1-904291-55-8

70 Merrion Square,  
Dublin 2, Ireland

70 Cearnóg Mhuirfean,  
Baile Átha Cliath 2, Éire

t +353 1 618 0200  
f +353 1 676 1302

Callsave 1890 392 492  
[www.artscouncil.ie](http://www.artscouncil.ie)

Bridget O'Gorman, *In the flesh*. Part of Annual Open Exhibition, Carlow Arts Festival and VISUAL. Photographer: Ros Kavanagh.  
Bridget O'Gorman, *In the flesh*. Cuid den Taispeántas Oscailte Bliantúil, Féile Ealaón Cheatharlach agus VISUAL. Gráinmhrafadóir: Ros Kavanagh.





Waterford *The Musical* – The Spraoi Parade. Photographer: Keith Curram.  
Waterford, *The Musical* – Mórshúl Spraoi. Grianghrafaidóir: Keith Curram.

## Who we are and what we do

The Arts Council is the Irish government agency for developing the arts. We work in partnership with artists, arts organisations, public policy makers and others to build a central place for the arts in Irish life.

We provide financial assistance to artists, arts organisations, local authorities and others for artistic purposes. We offer assistance and information on the arts to government and to a wide range of individuals and organisations. As an advocate for the arts and artists, we undertake projects and research, often in new and emerging areas of practice, and increasingly in cooperation with partner organisations.

The Arts Council received €60.12 million in grant funding from the exchequer for 2016.

## Ár ról agus ár gcuid oibre

Is í an Chomhairle Ealaíon an ghníomhaireacht a cheap Rialtas na hÉireann chun na healaíona a fhorbairt. Oibrímid i gcomhpháirt le healaíontóirí, le heagraíochtaí ealaíon, le lucht déanta beartas poiblí agus le daoine eile chun áit lárnach a chruthú do na healaíona i saol na hÉireann.

Tugaimid cúnamh airgeadais d'ealaíontóirí, d'eagraiochtaí ealaíon, d'údarás áitiúla agus do dhaoine eile ar mhaithe le cursáil ealaíne. Cuirimid comhairle agus eolas i dtaobh na n-ealaíon ar fáil don Rialtas agus do raon leathan daoine aonair agus eagraíochtaí. Agus muid ag saothrú ar son na n-ealaíon agus ealaíontóirí, tugaimid faoi thionscadail agus faoi thaighde. Baineann cuid mhór díobh seo le réimsí nua den chleachtas ealaíne atá ag teacht chun cinn agus is minic a dhéantar an obair i gcomhar le heagraíochtaí comhpháirtíochta.

Fuair an Chomhairle Ealaíon €60.12 milliún de dheontas i gcabhair ón státhiste in 2016.

A RUE DE  
OF VIOLETS  
IN BLOOM





## Contents / Clár Ábhair

i Chairman's Statement

Ráiteas an Chathaoirligh

iv Director's Statement

Ráiteas an Stiúrthóra

### 1 Review of the Year 2016

#### Athbhreithniú ar an mBliain 2016

36 Council Membership 2016

Baill na Comhairle 2016

38 Senior Management Team

An Fhoireann Bhainistíochta Shinsearach

40 Staff

An Fhoireann

43 Advisers

Comhairleoirí

46 Financial Statements

Ráitis Airgeadais



Louise Matthews and Craig Connolly in *Sunder* by ANU Productions. Publicity photo. Photographer: Ros Kavanagh.

Louise Matthews agus Craig Connolly in *Sunder* le ANU Productions. Grianghraif poiblioichta. Grianghrafadóir: Ros Kavanagh.



## Chair's Statement / Ráiteas an Chathaoirligh

i

2016 was the moment, after a long interlude, when the arts in Ireland came centre stage again. In one sense it was a hundred-year intermission. The republic proclaimed at Easter 1916 resulted from a combination of circumstances and people, where culture in its broadest sense was central to our national conversation. There could have been no rising, or at least not the one which transpired, without the influence of art and the activism of artists. Sadly, the maintenance of artists at the centre of national life was to be an unfulfilled promise.

The economic crash of 2008 savagely reduced state spending on the arts for years. 2015 brought a first, modest relief, and 2016 a further significant increase. This, together with funding specifically for the centenary commemoration was welcome. We are slowly repairing a damaged arts infrastructure, raising hope and confidence again. To go forward, not back, is not a new experience, but it has the novelty of a pleasure unknown for too long. I acknowledge with thanks the partnership and support of the government.

2016 was a turning point in terms of funding, and one I hope will be sustained. More fundamentally it was a moment when the state and people of their own volition turned to artists. There was a palpable need to think on things that are past, of what is now and of what the future holds, in ways that require the unique vision of artists. We know from every family story that the research of history alone is insufficient explanation. We need another eye. It is artists who in 2016 gave a rich, unbounded and sometimes troubling perspective on our country and its antecedents. Our stories are not simple, neither are they past tense. They are the on-going narrative of who we are.

I am deeply proud of the response of artists to the 1916 centenary. They brilliantly interlayered multiple perspectives, expressed in different art forms, which gave essential new insights. They did so in shows and exhibitions that gave real delight and excitement to the wide audience that interacted with them. Through art, the national narrative has been deepened and widened. The quintessential relevance of artists to our society was displayed and underlined.

The plan behind Art: 2016, the Arts Council's response to the centenary, was that there was no plan. We went out with an open call, on the basis of an open mind. It was also on the well-founded hope that artists who had been too long marginalised, or instrumentalised or patronised would rise to the challenge of leading a national conversation, in many different directions. They did so, magnificently. The result was ART:2016. Nine ideas from artists and organisations created major projects. Eighteen emerging

Ba é 2016 an tráth i ndiaidh sos fada nuair a cuireadh na healaíona in Éirinn i lár an aonaigh arís. I gciall amháin, idirlinn céad-bliain a bhí ann. Bhí an phoblacht a fógraíodh um Cháisc 1916 mar thoradh ar chomhcheangal cúinsi agus daoine, nuair a bhí an cultúr sa chiall is leithne lárnach dár gcomhrá náisiúnta. D'fhéadfadh sé nach dtarlódh an t-eíri amach, nó nach dtarlódh an ceann a thit amach, gan tionchar na healaíne agus gan gníomhaíochas na n-ealaíontóirí. Faraor, ba ghealltanás nach gcomhlíonfaí coimeád na n-ealaíontóirí ag croílár an tsaoil náisiúnta.

De bharr chur chun donais eacnamaíoch 2008 rinneadh laghdú fiochmhar ar an gcaiteachas ar na healaíona le blianta fada. Fuarthas an chéad chúnamh measartha in 2015 agus rinneadh méadú suntasach eile air in 2016. Cuireadh fáilte roimhe sin, mar aon le maoiniú a fuarthas go sonrach d'imeachtaí an chomórtha céad bliana. Tá bonneagar ealaíon a ndearnadh damáiste dó á dheisiú againn go mall, rud a ardaíonn an dóchas agus an mhuinín arís. Dul chun tosaigh, agus ní ar gcúl – ní taithí nua é ach airíonn sé ar nós pléisiúr úrnua toisc nach raibh sé ann le fada. Adhmaím le buíochas compháirtíocht agus tacáfocht an Rialtais.

Cor cinniúna ba ea 2016 maidir le maoiniú agus tá súil agam gur ceann é a choimeádfar. Níos bunúsáí, tráth a bhí ann nuair a chuaigh an stát agus na daoine dá dtoil féin i muinín ealaíontóirí. Bhí gá inbhraite ann le machnamh a dhéanamh ar rudaí mar a bhí siad san am atá caite, ar rudaí mar atá siad anois agus ar a bhfuil i ndán dúinn sa todhcháí ar bhealaí ina dteastaíonn fíos uathúil na n-ealaíontóirí. Tá a fhios againn ó gach scéal teaghlaigh nach leor an míniú ón taighde ar an stair as féin. Teastaíonn súil eile uainn. Is iad na healaíontóirí a thug léargas saibhir, gan srian agus trioblóideach corrúair ar á dtí agus ar a réamhtheachtaithe in 2016. Níl ár scéalta simplí, ná níl siad san aimsir chaite. Is scéal leanúnach iad faoi cé muid féin.

Táim an-bhródúil ar fad as freagairt na n-ealaíontóirí ar chomóradh céad bliain 1916. Rinne siad na hil-léargais a cuireadh in iúl i bhfoirmeacha ealaíne éagsúla lenar tugadh léargas riachtanach nua a idirshráthú ar bhealach iontach. Rinne siad é sin i seónna agus i dtaispeántais ar bhain lucht féachana agus éisteachta a idirghníomhaigh leo fiorphléisiúr agus fíorshult astu. Tríd an ealaín rinneadh an scéal náisiúnta a neartú agus a leathnú. Rinneadh baint chlasaiceach ár n-ealaíontóirí lenár sochaí a léiriú agus leagadh béim uirthi.

Ba é an pleán taobh thiar de Ealaín: 2016, freagairt na Comhairle Ealaíon ar an gcomóradh céad bliain, nach raibh pleán ar bith ann: chuamar amach le glao oscailte bunaithe ar intinne oscailte. Bhí sé bunaithe chomh maith

artists were awarded 16x16 Next Generation 2016 Bursaries. Artists were part of shaping the Easter Rising and even in internal exile afterwards they insistently critiqued and challenged the state which emerged. In 2016 artists ensured that the act of commemoration was a questioning one. It was a lot more than taking the salute.

Our job now is to sustain momentum among artists and enable them to continue to reach out effectively to audiences. This report is an astonishing account of the diversity of art across the country, and across all art forms. Art is an essential space for enjoyment, for introspection and for seeing things differently. It is the other eye, this perspective of the artist, which enlivens and consoles us.

These ephemeral moments come because astonishing people give their life to perfecting their work. Their art only rarely finds permanent display. Much of it is to be performed or encountered in the moment. It is an extraordinary but fundamental truth that something so resistant to definition is so essential for any life to be fully lived. It is a basis for citizenship and for civilisation. That is the essential accounting for art in 2016. When artists are central to our public life as a country and our private lives as citizens, we are enriched and our republic is enhanced.




Sheila Pratschke,  
Chairman

ar an dóchas dea-bhunaithe go mbeadh na healaíontóirí a bhí imeallaithe, nó a úsáideadh, nó a ndearnadh beag díobh ar feadh rófhada, ábalta ag an dúshlán a dtiocfad comhrá náisiúnta as ina lán treonna éagsúla. Rinne siad é sin ar bhealach iontach. Ba é EALAÍN:2016 an toradh air sin. Cruthaíodh mórrthionscadail ó naoi smaoineamh ó ealaíontóirí agus ó eagraíochtaí. Bronnadh Sparánachtaí 16x16 na Chéad Ghlúine Eile 2016 ar 18 n-ealaíontóir atá ag teacht chun cinn.

Bhí ealaíontóirí páirteach i múnlú an Éíri Amach agus fiú i ndeoraíocht inmheánach ina dhiaidh sin rinne siad critic gan staonadh ar an stát a tháinig chun cinn agus cheistigh siad é. In 2016 chinntigh ealaíontóirí go raibh gníomh an chomórtha ina ghníomh amhrasach: bhí i bhfad níos mó i gceist leis ná an chuírtéis a thabhairt.

Is é ár gcúramanois móiminteam a choinneáil i measc na n-ealaíontóirí agus a chur ar a gcumas teaghmáil éifeachtach a dhéanamh le lucht féachana agus éisteachta. Cuntas dochreidte is ea an tuarascáil seo d'éagsúlacht na healaíne ar fud na tíre agus ar fud na bhfoirmeacha ealaíne ar fad. Spás riachtanach is ea an ealaín le haghaidh taitneamhachta, féinmhachnaimh agus chun breathnú ar rudáil ar bhealach difriúil. Is í an tsúil eile í – an dearcadh seo de chuid an ealaíontóra a chuireann beocht ionainn agus a thugann sólás dúinn.

Tagann na nójmeid neamhchuana sin mar go gcaitheann daoine iontacha a saol ag iarraidh a gcuid oibre a dhéanamh foirfe. Is fíorannamh a bhíonn a n-ealaín ar taispeáint go buan – ní mór a lán de a léiriú nó a fheiceáil nuair a bhíonn an deis ann agus ansin bíonn deireadh leis. Fírinne neamhghnách ach bhunúsach is ea go bhfuil rud éigin atá chomh deacair sin a shainmhíniú chomh riachtanach sin le saol iomlán a bheith ag duine ar bith. Tá sé ina bhonn le haghaidh na saoránachta agus na sibhialtachta. Is é sin an chuntasaíocht riachtanach don ealaín in 2016. Nuair a bhíonn ealaíontóirí lárnach dár saol poiblí mar thír agus dár saol príobháideach mar shaoránaigh, bímid saibhrithe agus feabhsaítear ár bpoblacht.



Sheila Pratschke,  
Cathaoirleach



*No More Fun and Games* Jesse Jones. Dublin City Gallery The Hugh Lane.  
Photographer: Ros Kavanagh.

*No More Fun and Games*. Jesse Jones. Gailearaí Hugh Lane Chathair Bhaile Átha Cliath.  
Grianghrafadóir: Ros Kavanagh.



## Director's Statement / Ráiteas an Stiúrthóra

The purpose of this annual report is to account for public money, given for a public purpose. Our accounts do that. But proper accounting for money is only a beginning, of the fuller account public bodies should render. This report takes that as a base, and seeks to set out how resources of money, expertise and advice in the Arts Council were transformed by art and artists into life-enhancing insight and vitality. 2016 was a centenary and a commemoration. It was a moment when artists strode once more into the national conversation and held aloft truths and shibboleths alike. It was a time of renewal and new beginnings in the arts.

2016 was the beginning of Making Great Art Works, the coordinates by which the Arts Council will lead the development of the arts in the decade 2016–2025. It is a vision which more detailed plans will be required every three years to guide that development. Three-year planning cycles within a decade-long strategic framework will enable the achievement of medium-term objectives and long-term goals. So, after deliberation, we set out in a centenary year; to the march of a different drum, and to the accompaniment of virtuoso performances of the insight, exhilaration and entertainment of artists.

Looking ahead, the path we have embarked upon in 2016 has as a critical focus the need to ensure we consider spatial and demographic considerations in planning for the arts. As a public body, our ultimate responsibility is to ensure in so far as we can that every citizen, has access to the arts. Art is too rich an experience, too essential to citizenship to be confined within any Pale of geography or class. Ireland itself is changing rapidly. We are ever more diverse in our makeup and our attitudes. Technology is profoundly altering how we live, how we access, and how we relate to the arts. Our challenge as the Arts Council is to be alive to and in touch with change, the better that art may respond to it, and inform it.

Underlying everything the Arts Council does is partnership. Partnership, but not prescription, underpins our relationship with artists and arts organisations. At our best we are catalysts, advisers and advocates as well as funders. What we have are financial resources, always limited compared to untapped potential. What we also give is the Arts Council as a locus for advice, listening, advocating and acting as a platform for and convener of wider discussion. An essential part of the network of relationships we build and maintain is our relationship with local government.

In 2016, the Arts Council and Local Government launched a ten year agreement *A Framework for Collaboration*. The central tenet of our shared vision is the citizen's right to enjoy and participate in the arts. Recognition of the intrinsic value of the arts and how it contributes directly to building sustainable and cohesive communities is central to our partnership.

Is é cuspóir na tuarascála bliantúla seo cuntas a thabhairt ar an airgead poiblí a tugadh ar chúis phoiblí. Déanann ár gcuntas sin. Ach níl sa chuntasáocht chuí don airgead ach tús an scéala níos iomláíne faoin dóigh a ndéanann an stát infheistíocht agus tionchar suntasach na hinfheistíochta sin. Glacann an tuarascáil seo leis sin mar bhonn, agus féachann sí leis an gcaoi a ndearnadh acmhainní airgid, saineolais agus comhairle sa Chomhairle Ealaón a athrú ó bhonn le healaín agus le healaontóirí go léargas agus beocht a fheabhsaíonn an saol a leagan amach. Comóradh céad bliain ba ea an bliain 2016. Tráth a bhí ann nuair a tháinig na healaontóirí i réim arís sa chomhrá náisiúnta agus firinní agus siobailit araon á sealbhú acu. Am a bhí ann d'athnuachan agus do thus nua sna healaóna.

Cuireadh tú in 2016 le Saothar Ealaíne lontach a Tháirgeadh, na comhordanáidí trína dtreoróidh an Chomhairle Ealaón forbairt na n-ealaón sna deich mbliana idir 2016–2025. Fís is ea é: beidh pleanná níos mionsonraithe ag teastáil gach trí bliana chun an fhorbairt sin a threorú. Cuirfidh timthriallacha trí bliana laistigh de chreat straitéiseach deich mbliana ar ár gcumas cuspóirí meántearma agus spriocanna fadtéarmacha a bhaint amach. Mar sin, i ndiaidh machnamh a dhéanamh, bheartaíomar i mbliain an chomórtha céad bliain dul ár mbealach féin agus le tionlacan na léirithe virtuoso de léargas, aoibhneas agus siamsaíocht ealaontóirí.


Ag breathnú chun tosaigh, tá béim ríthábhachtach sa phlean ar chuireamar túis leis in 2016 ar an ngá le cúrsáí spásúla agus déimeagrafacha a chinntíu inár bpleanáil do na healaóna. Mar chomhlacht poiblí is é ár bhfreaghracht deiridh a chinntí a mhéad is féidir linn go mbeidh fáil ag gach saoránach ar na healaóna. Tá an ealaín ina taithí atá róshaibhir agus ró-riachtanach don tsaoráinacht le bheith srianta ag tíreolaíocht nó ag aicme. Tá Éire í féin ag athrú go gasta. Táimid ag éirí níos éagsúla inár nádúr agus inár ndearchtaí. Tá an dóigh a bhfuilimid ag maireachtáil, an dóigh a bhfuil na healaóna á bhfeiceáil againn agus an bhaint atá againn leis na healaóna ag athrú go mór leis an teicneolaíocht. Is é ár ndúshláin mar an Chomhairle Ealaón a bheith san airdeall ar athrú agus coinneáil suas leis; is ea is fearr é go bhfreagróidh an ealaín air nó go gcuirfeadh sí bonn eolas faoi.

Is í an chomhpháirtíocht is bonn le gach rud a dhéanann an Chomhairle Ealaón. Cuireann an chomhpháirtíocht – ach ní treoir gan chumarsáid – bonn is taca faoinár gcaidreamh le healaontóirí agus le heagraíochtaí ealaíona. I mbláth ár maitheasa, catalaigh, comhairleoirí agus ionadaithe chomh maith le maoinitheoirí atá ionaínn. Tá acmhainní airgeadais againn, agus bíonn siad teoranta i gconaí i gcomparáid le hacmhainneacht úrnua. Rud eile a thugaimid ná an Chomhairle Ealaón mar lócas maidir le comhairle, éisteacht, moladh a thabhairt agus feidhmiú mar ardán le haghaidh plé níos leithne agus mar thionóláí plé níos leithne. Mar chuid riachtanach den ghréasán caidreamh forbraímid agus

As well as a strategic support and funder of the arts, the Arts Council is also a patron. In 2016 we purchased 22 new works for our collection, supporting 18 artists. This was the first purchase of work since 2013. It marked a re-focus of Arts Council's commitment to supporting both the artist and the public's engagement with great art in line with *Making Great Art Work*.

Just as new artistic talent is always emerging, sadly much loved and talented figures pass away. 2016 saw the death of Anthony Cronin. Poet, novelist and critical writer, his long life nearly encompassed the history of the state itself. Through his artistic circle he was a living link with iconic figures of the mid-century and through them to a more distant past. More than being an artist, he was an influential advocate. Over years, and as adviser to former taoiseach Charles Haughey, he helped lay the basis for repositioning the arts more centrally in the life of the state. He was an important figure in arts policy, as well as a distinguished writer. The Arts Council is proud to salute his achievements.

With the death of Anthony Cronin we lost a living link to artists, who were repeatedly pushed to the periphery. Their searing insights if sometimes banned, or more often overlooked, stood the test of time. It is artists who kept alive difference, in a bygone age of uniformity. In 2016, it was artists who offered reflection on the past, and a mirror to our present. It was appropriate that as artists contributed to our national commemoration, that the Arts Council should embark on its strategy to make great art work.



Orlaith McBride,  
Director


coimeádaimid ár gcaidreamh leis an rialtas áitiúil.

In 2016, lainseáil an Chomhairle Ealaón agus an rialtas áitiúil comhaontú deich mbliana dar teideal *Creatlach don Chomhoibriú*. Dearbhphrionsabal lárnach dár bhfís chomhroinnté is ea an ceart atá ag an saoránach sult a bhaint as na healaíona agus a bheith rannpháirtreach iontu. Tá sé lárnach dár gcomhpháirtíocht go n-aithnítear luach bunúsach na n-ealaón agus an dóigh a gcuireann siad go díreach le pobail inbhuanaithe agus chomhtháite a fhorbairt.

Chomh maith le bheith ina tacaíocht agus ina maoinitheoir straitéiseach de na healaíona, tá an Chomhairle Ealaón ina pátrún freisin. In 2016 cheannaíomar 22 saothar nua dár mbailiúchán, ag tacú le 18 n-ealaíontóir. Ba iad seo na chéad saothair a cheannaíomar ó bhí 2013 ann. Léirigh sé athfhócas ar thiomantas na Comhairle Ealaón do thacaíocht a thabhairt don ealaíontóir agus do rannpháirtíocht an phobail le healaín iontach, ag teacht le *Saothar Ealaíne lontach a Tháirgeadh*.

Go díreach mar a bhíonn tallann ealaíonta ag teacht chun cinn i gcónai, ar an drochuair faigheann pearsana cumasacha a mbíonn an-ghean orthu bás. Fuair Anthony Cronin bás in 2016. Mar fhile, úrscéalaí agus scríbhneoir criticíúil, is beag nár chuimsigh a shaol fada stair an stáit féin. Trína chiorcal ealaíonta bhí sé ina nasc beo le pearsana aitheanta lár an 20ú haois agus tríothu sin ba nasc beo é le ré i bhfad siar. Chomh maith le bheith ina ealaíontóir, bhí an-tionchar aige mar urlabhra agus ionadaí. Thar na blianta, agus mar chomhairleoir don iar-Thaoiseach Cathal Ó hEochaíd, chuidigh sé leis an mbonn a leagan síos chun na healaíona a chur i suíomh níos lárnáí i saol an stáit arís. Bhí sé ina cheannaire tábhachtach i mbeartas na n-ealaón, ag tacú le forbairt Aosdána, agus bhí sé ina scríbhneoir mó le rá chomh maith. Tá bród ar an gComhairle Ealaón ómós a thabhairt don mhéid a bhain sé amach.

Le bás Anthony Cronin chailleamar nasc beo leis na healaíontóirí ar brúdh chuirg an imeall iad arís agus arís eile. Maireann a léargas géar ar cuireadh cosc orthu corrúair, nó ar tugadh neamháird orthu níos minice, go fóill. Is iad na healaíontóirí a choinnigh beo an difríocht i ré aonfhoirmeachta fadó. In 2016, ba iad na healaíontóirí a rinne machnamh ar an am a chuaigh thart agus a thug léiriú ar ár saol inniu. Bhí sé cuí agus na healaíontóirí sin ag cur lenár gcomóradh náisiúnta gur cheart don Chomhairle Ealaón tú a chur lena straitéis chun saothar iontach ealaíne a dhéanamh.



Orlaith McBride,  
Stiúrthóir

## Our Values

As a statutory public body the Arts Council operates within a framework of legal and regulatory obligations and a range of codes of good practice. In addition we are guided by a set of values that includes:

- Freedom of thought and of expression which is essential to the development of new ideas and new work
- Commitment to excellence in all aspects of our own work and of that of artists, arts organisations, and others we support
- Integrity, accountability, transparency in all of our decision-making and especially in our investment of public monies
- Respect for diversity of artistic practice, of public engagement, and of social and cultural traditions
- Collegiality communicating and working respectfully with partners, stakeholders and the whole arts sector

## Our Vision

We are inspired by the prospect of an Ireland

- where the arts are valued as central to civic life, as a hallmark of local and national identity, and as sign and signature of our creativity as a people
- where the arts are practiced and enjoyed widely in our communities, public spaces (real and virtual) and in dedicated venues and centres across the country
- where artists and practitioners whose exceptional talent and commitment lead them to work professionally in the arts can have productive and rewarding careers
- where local and national politicians, decision-makers and officials in a wide range of departments and agencies recognise the distinctive societal value of the arts and provide for them accordingly
- where the Arts Council as the national development agency for the arts is resourced adequately to address the full breadth of its remit

## Ár Luachanna

Mar chomhlacht poiblí reachtúil, feidhmíonn an Chomhairle Ealaón laistigh de chreat dualgais dlí agus rialaithe agus réimse cód um dhea-chleachtas. Mar aon leis sin, táimid treoraithe ag straith luachanna lena n-áirítear:

- Saoirse chun smaoininm agus cur in iúl rud atá ríthábhachtach chun smaointe nua agus saothar nua a fhorbairt
- Tiomantas do shármhaitheas i ngach gné dár gcuid oibre féin agus de shaothar ealaiontóirí agus eagraíochtaí ealaón, agus daoine eile lena dtacaímid
- Macántacht, cuntasacht agus tréadhearcacht inár gcinnteoireacht ar fad agus go háirithe san infheistíocht a dhéanaimid ar airgead poiblí
- Meas ar éagsúlacht i gcleachtas ealaíne, i ranpháirtíocht an phobail, agus i dtrádisiúin shóisialta agus chultúrtha
- Comhghleacaíocht cumarsáid a dhéanamh agus oibriú go measúil le compháirtithe, páirtithe leasmhara agus leis an earnáil ealaón i gcoitinne

## Ár bhFís

Faighimid inspioráid nuair a smaoínímid ar Éirinn:

- Ina léirítear luach ar na healaíona mar ghné lárnach den saol cathartha, agus mar shainmharc d'aitheantas áitiúil agus náisiúnta agus mar chomhartha agus mar shníú dár gcruthaitheacht mar dhaoine
- Ina gcleachtar na healaíona agus ina mbaintear taitneamh astu go forleathan inár bpobail, i spásanna poiblí (fíor agus réadúil) agus in ionaid speisialta ar fud na tíre
- Inar féidir le healaontóirí agus le cleachtóirí atá ag obair go gairmiúil sna healaíona mar gheall ar an mbua agus tiomantas iontach atá acu gairmeacha tárgiúla agus tairbheacha a bheith acu
- Ina n-ainthníonn polaiteoirí, cinnteoirí agus oifigigh áitiúla agus náisiúnta i réimse leathan ranna agus gníomhaireachtaí luach sochaíoch sainiúil na n-ealaón agus ina ndéanann siad soláthar dóibh dá réir sin
- Ina dtugtar dóthain acmhainní don Chomhairle Ealaón mar ghníomhaireacht forbartha náisiúnta i gcomhair na n-ealaón le dul i ngleic i gceart le leithead iomlán a sainchúraim

## Our Mission

Our mission is to lead the development of the arts in Ireland.

We do this in four ways:

1. We advocate the importance and value of the arts and promote their practice and development.
2. We advise government and others on the arts as required by the Arts Act.
3. We invest public monies allocated to us by government in supporting artists and arts organisations to make work of excellence and in other actions consistent with our remit.
4. We work in partnership with the Department of the Arts and with other government departments as well as with local government and with agencies and organisations within and beyond the cultural sector.

## Ár Misean

Is é ár misean forbairt na n-ealaón a threorú in Éirinn.

Déanaimid é sin ar cheithre bhealach:

1. Tacaimid le tábhacht agus luach na n-ealaón agus cuirimid a gcleachtas agus a bhforbairt chun cinn.
2. Cuirimid comhairle ar an rialtas agus ar dhreamanna eile maidir leis na healaóna de réir mar is gá san Acht Ealaón.
3. Infheistímid airgead poiblí a leithdháileann an rialtas orainn le tacú le healaontóirí agus le heagraiochtaí ealaón chun obair shármhaith a chruthú agus i ngníomhartha eile atá comhsheasmhach lenár sainchúram.
4. Oibrímid i gcomhpháirt leis an Roinn Ealaón agus le ranna rialtais eile mar aon le rialtas áitiúil agus le gníomhaireachtaí agus eagraíochtaí laistigh den earnáil chultúrtha agus taobh amuigh di.

# Arts Funding 2016 / Maoliniú na n-Ealaíón 2016

viii

Travel & Training over €201,000  
shared by over 150 recipients

*Maidir le Taisteal agus Oiliúint, roinneadh  
os cionn €201,000 idir 150 faighteoir*

Dance Artist in Residence Scheme  
€160,000 over 8 grantees  
*Roinntear €160,000 idir 8 ndeontaí faoin  
Sceim um Ealaíontóir Damhsa Cónaithe*  
Commissions totalling €149,000  
were shared by 21 grantees  
*Bhain 21 deontaí leas as coimisiún  
darbh fhiú €149,000 ar an iomlán*

The Young Ensembles Scheme of  
€139,000 was spread over 15 organisations  
*Roinneadh €139,000 idir 15 eagraiocht  
faoi Sceim Ensembles na nÓg*

**€53.7m**  
€53.7 million was spent on grants given directly  
to organisations and artists including  
€2.7 million to Aosdána  
and €5.8 million for The Abbey Theatre

*Caitheadh €53.7 milliún ar dheontais a tugadh  
go díreach d'eagraiochtaí agus d'elaíontóirí  
lenar áiríodh €2.7 milliún d'Aosdána agus  
€5.8 milliún d'Amharclann na Mainistreach*

Reel Art €170,000  
*Reel Art €170,000*

**€5.8m**

€32 million to our three main schemes  
RFO, AF & APG to more than 220 organisations.  
The top 10 organisations accounted for €8 million of this.

*Tugadh €32 milliún do thrí phríomhscéim dár gcuid –  
Eagraiochtaí a Mhaoinítear Go Rialta, Maoiniú Bliantúil  
agus Deontais le haghaidh Clár Bliantúil do níos mó ná 220  
eagraíocht. Fuair na 10 n-eagraíochtaí ba mhó €8 milliún den airgead sin.*

The Arts Council received  
€60.12 million in grants

**€60.12m**

*Fuair an Chomhairle Ealaíón  
deontais darbh fhiú €60.12m*

**€2.7m**

Literature Title by Title scheme  
saw €218,000 shared by 20 grantees  
*I litríocht bhain 20 deontaí leas as  
€218,000 eatarthu leis an scéim  
Teideal ar Theideal*

**€3.2m**

**Projects**  
€3.2 million supporting over 100 recipients  
**Projects**  
*Fuair tionscadail €3.2 milliún,  
ag tacú le 100 duine*

**€1.2m**

Bursaries totalling €1.2 million were shared by over 130 grantees



Next Generation 2016 Bursaries €188,000 shared by 15 grantees

*Bhain 15 dheontaí leas as Sparánachtaí na Chéad Ghlúine Eile 2016 arbh fhiú €188,000 ar an iomlán iad*

Open Call as part of ART:2016 €910,000 was awarded by an international jury to 9 artists and organisations.

*Bhronn moltóirí idirnáisiúnta €910,000 ar naonúr ealaíontóirí agus eagraiochtáí mar chuid de Ghairmeacha Oscailte agus EALAÍN:2016.*

**€910k**



16\*16 bursaries €200,000 shared by 16 grantees

*Bhain 16 dheontaí leas as sparánachtaí 16\*16 arbh fhiú €200,000 ar an iomlán iads*

#### Touring

€1.6 million was spent supporting over 50 tours. The Arts Council of Northern Ireland contributed £92,000 sterling towards joint north-south tours.

#### Touring

*Caitheadh €1.6 milliún ar shamchuit ag tacú le breis is 50 camchuit. Thug Comhairle Ealaíon Thuaisceart Éireann £92,000 steirling i dtreo comh-camchuirteanna thuaidh-theas.*

Programme Activity Fund €447,000 to 11 grantees DEIS awards of over €225,000 were shared between 36 recipients

*Ciste Gníomhaíochta Cláir – bhain 11 dheontaí leas as an gciste arbh fhiú €447,000 é Roinneadh dámhachtainí DEIS darbh fhiú os cionn €225,000 amach i measc 36 duine*

We directly funded in conjunction with RTE the concert performance of *A Hundred Years a Nation* at a cost of approx. €470,000



**€470k**

*Thug an Chomhairle Ealaíon maoiniú direach, i gcomhar le RTÉ, don léiriú ceolchoirme *A Hundred Years a Nation* ar chostas thart ar €470,000*

*DEIS darbh fhiú os cionn €225,000 amach i measc 36 duine*

#### Festivals

€5.8 million shared by over 120 organisations the largest being Wexford Opera Festival €1.4 million, Dublin Theatre Festival €810,000, Galway Arts Festival €498,000, Dublin Dance Festival €400,000 and Kilkenny Arts Festival €390,000.

#### Festivals

*Tugadh €5.8 milliún d'fhéilte agus roinneadh an méid sin idir 120 eagraiocht. Ar na cinn ba mhó acu sin bhí Féile Ceolrámaíochta Loch Garman a fuair €1.4 milliún, Féile Amharclannaíochta Bhaile Átha Cliath a fuair €810,000, Féile Ealaíon na Gaillimhe a fuair €498,000, Féile Damhsa Bhaile Átha Cliath a fuair €400,000 agus Féile Ealaíon Chill Chainnigh a fuair €390,000.*

**€1.04m**



Opera Production Awards of €1.04 million for 3 operas; Wide Open Opera's *The Barber of Seville*, Opera Theatre Company's *Don Giovanni* translated by Roddy Doyle and META's *The Death by Fire of Giordano Bruno* a new Irish opera by Roger Doyle.



*Dámhachtainí um Léiriúchán Ceolráma darbh fhiú €1.04 milliún ar son 3 cheolráma; The Barber of Seville le Wide Opens Opera, Don Giovanni ón Opera Theatre Company a d'aistrigh Roddy Doyle agus The Death by Fire of Giordano Bruno le META, ceolráma nua Éireannach le Roger Doyle.*



*We Reclaim* Image for banner. Kathryn Maguire. Photographer: Ros Kavanagh.  
*We Reclaim.* Íomhá le haghaidh meirge. Kathryn Maguire. Grianghrafaíor: Ros Kavanagh.



# Review of the Year 2016

## Athbhreithniú ar an mBliain 2016

### Artists Supports

Financially we look back on 2016 as a year that, in retrospect we hope, will be an end and a beginning. The end we hope for, is of cuts and recession. 2016 was the second year in which our annual grant increased. It was €60.12 million compared to €58.59 in 2015 and €56.67 million in 2014. In addition in 2015 we received €2 million for the arts to mark and commemorate 2016. The artistic harvest of that public investment then, was on show in the year for which we now account. The beginning for which we hope, appropriately in 2016, is of sustained increase in support for the arts. That support matters because it is the renewal of a parched ecosystem, of interlinked organisations and art forms. It matters too as a token of intent to reclaim for artists, an honoured position at the centre of national life.

Of the €60.12 million the Arts Council received for 2016, €53.7 million was spent on grants given directly to organisations and artists. These included €2.7 million to Aosdána and €5.8 million for The Abbey Theatre. €32 million was disbursed through our three main schemes (Regularly Funded Organisations, Annual Funding and Annual Programming Grants) to more than 220 organisations. The top 10 organisations accounted for €8 million of this.

Festivals around the country received €5.8 million, to be shared by over 120 organisations. The largest of these were Wexford Opera Festival which received €1.4 million, Dublin Theatre Festival €810,000, Galway Arts Festival €498,000, Dublin Dance Festival €400,000 and Kilkenny Arts Festival €390,000.

Separately, specific projects around the country received €3.2 million supporting over 100 recipients. Bursaries totalling €1.2 million were shared by over 130 grantees. Under touring, €1.6 million was spent supporting over 50 tours. The Arts Council of Northern Ireland contributed €92,000 sterling towards joint north-south tours. This is partnership we acknowledge with thanks.

Among the many other grants made were Opera Production Awards of €1.04 million for 3 operas; Wide Open Opera's 'The Barber of Seville', Opera Theatre Company's 'Don Giovanni' translated by Roddy Doyle and META's 'The Death by Fire of Giordano Bruno' a new Irish opera by Roger Doyle. The Arts Council's Programme Activity Fund saw €447,000 awarded to 11 grantees. In the traditional arts, DEIS awards of over €225,000 were shared between 36 recipients. In Literature, the Title by Title scheme saw €218,000 shared by 20 grantees. Under the Young Ensembles Scheme to support groups of young people between the ages of 12 and 23 to create ambitious and original work together in any art form, €139,000

### Tacaíochtaí d'Ealaíontóirí

Ó thaobh airgeadair de, amharcaimid siar ar 2016 mar bliaín, ag breathnú siar, a bhfuil súil againn gur deireadh agus tú a bhí inti. Is é deireadh le ciorruithe agus le cúlú atáimid ag súil leis. Ba é 2016 an dara bliain as a chéile inar méadaíodh ár ndeontas bliantúil: €60.12 milliún i gcomparáid le €58.59 milliún in 2015 agus €56.67 milliún in 2014. Lena chois sin, in 2015 fuaireamar €2 mhiliún i gcomhair na n-ealaíon chun 2016 a cheiliúradh agus a chomóradh.

Bhí toradh ealaíonta na hinfheistíocha poiblí sin ar taispeáint an bliaín ar a bhfuil cuntas á dhéanamh againn anois. Is é an tú a bhfuilimid ag súil leis, go cuí in 2016, méadú leanúnach ar an tacaíocht do na healaíona. Tá an tacaíocht sin tábhachtach mar gurb ionann é agus athnuachan éiceachórais loiscthe, eagraíochtaí idirnasctha agus foirmeacha ealaíne. Tá sé tábhachtach chomh maith mar chomhartha rúin chun staid uasal ag lár an tsaoil náisiúnta a fháil ar ais d'ealaíontóirí.

As an €60.12 milliún a fuair an Chomhairle Ealaón do 2016, caitheamh €53.7 milliún ar dheontais a tugadh go díreach d'eagraíochtaí agus d'ealaíontóirí. Ina measc sin bhí €2.7 milliún d'Aosdána agus €5.8 milliún d'Amharclann na Mainistreach. Íocadh €32 milliún amach trí na trí phríomhscéim atá againn (Eagraíochtaí a Mhaoinítear Go Rialta, Maoiniú Bliantúil agus Deontais le haghaidh Clár Bliantúil) do bheiris is 220 eagraíochta. Fuair na 10 n-eagraíochta ba mhó €8 milliún den airgead sin.

Fuair féilte ar fud na tíre €5.8 milliún, a bhí le comhroinnt ar bheiris is 120 eagraíochta. Ar an cinn ba mhó acu sin bhí Féile Cheoldrámaíochta Loch Garman a fuair €1.4 milliún; Féile Amharclannaíochta Bhaile Átha Cliath a fuair €810,000; Féile Ealaón na Gaillimhe a fuair €498,000; Féile Dhamhsa Bhaile Átha Cliath a fuair €400,000; agus Féile Ealaón Chill Chainnigh a fuair €390,000.

Astu fein, fuair tionscadail shonracha ar fud na tíre €3.2 milliún, ag tacú le 100 faigheoir. Roinneadh sparánachtaí darbh fhiú €1.2 milliún idir breis is 130 deontaí. Faoi chamchuaírt, caitheadh €1.6 milliún ag tacú le breis is 50 camchuaírt. Thug Comhairle Ealaón Thuaisceart Éireann €92,000 steirling i dtreo comh-camchuaíteanna thuaidh-theas. Sin compháirtíocht a bhfuilimid fíorbhuióch as.

I measc an lear mó deontas eile bhí: Dámhachtain um Léiriúchán Ceoldráma de €1.04 milliún le haghaidh trí cheoldráma: The Barber of Seville le Wide Open Opera, Don Giovanni le Opera Theatre Company, arna aistriú ag Roddy Doyle, The Death by Fire of Giordano Bruno le META, ceoldráma Éireannach nua le Roger Doyle

I gCiste Gníomhaíochta Cláir na Comhairle Ealaón bronnadh €447,000 ar 11 deontaí. Sna healaíona

# Review of the Year 2016

## Athbhreithniú ar an mBliain 2016 (ar lean)

2

was spread over 15 organisations. Commissions totalling €149,000 were shared by 21 grantees. The Visual Artists Workspace Scheme disbursed €180,000,

The Reel Art Scheme provided €170,000 for the production of two short films, and the Dance Artist in Residence Scheme gave €160,000 to 8 grantees.

Travel & Training grants of over €201,000 were shared by over 150 recipients.

In 2016, the centenary of the Easter Rising, following an Open Call adjudged by an international jury as part of ART:2016, €910,000 was awarded to 9 artists and organisations. Separately, 16\*16 Next Generation Bursaries totalling €200,000 were shared by 18 grantees. The Arts Council directly funded, in conjunction with RTÉ, the concert performance of A Hundred Years a Nation at a cost of approx. €470,000. These grants enabled artists to respond in ways that enlivened, diversified and deepened the national conversation in the centenary year. They gave us as citizens' work of visceral understanding and insight.

Supporting artists financially, as well as through expert advice and advocacy, is a core function of the Arts Council. The Artists' Supports Team is responsible for overseeing the delivery of the Council's policies and provisions as they relate to the professional development needs of artists (across all disciplines and practices) and the conditions that affect their work.

### Arts Participation

Art is for audiences, and the Arts Council as a public body is focused on the audience as an essential part of the mission we are charged with delivering for. Arts Participation is an essential part of supporting artists who wish to work in socially engaged practice. Developing public engagement, growing and diversifying audiences, and reaching communities for whom access to the arts can be difficult is essential to what we do.

Arts Participation focuses on five context areas; health, disability, cultural diversity, older people and communities of place or interest. In addition to a regular suite of grants and awards, which support artists and arts organisations working in participatory and collaborative contexts, the Arts Council continued to fund a number of specifically targeted external schemes. These include the Artist in the Community Scheme, managed by Create, the national development agency for collaborative arts; the Arts and Disability Connect Scheme managed by Arts & Disability Ireland (ADI); and the Visual Artists and Writers in Prison Scheme, co-funded and managed in partnership with the Irish Prison Service.

traidisiúnta roinneadh dámhachtainí DEIS arbh fhiú os cionn €225,000 iad idir 36 faigteoir. I Litríocht bhain 20 deontaí leas as €218,000 eatarthu leis an scéim Teideal ar Theideal.

Faoi Scéim Ensembles na nÓg, le tacú le grúpaí daoine óga idir 12 agus 23 bliain d'aois chun saothar uaillmhianach úrnua a chruthú le chéile i bhfoirm ealaíne ar bith, roinneadh €139,000 idir 15 eagraíochta. Bhain 21 deontaí leas as coimisiún arbh fhiú €149,000 ar an iomlán iad. Leithdháil Scéim Spás Oibre na bhFísealaíontóiri €180,000; leithdháil Reel Art €170,000; agus thug an Scéim Chónaitheachta d'Ealaíontóiri Damhsa €160,000 d'ochtar deontaithe.

Roinneadh deontais Taistil & Oiliúna arbh fhiú €201,000 ar an iomlán iad idir breis is 150 deontaí.

In 2016, i ndiaidh Gairm Oscailte ar a ndearna moltóirí idirnáisiúnta moltóireacht mar chuid de EALAÍN:2016, bhronn moltóirí idirnáisiúnta €910,000 ar naoi gcinn d'ealaíontóiri agus eagraíochtaí. Ar leithligh, bhain 18 ndeontaí leas as Sparánachtaí na Chéad Ghluine Eile 16x16 arbh fhiú €200,000 ar an iomlán iad. Thug an Chomhairle Ealaíon maoiniú díreach, i gcomhar le RTÉ, don léiriú ceolchoirme A Hundred Years a Nation ar chostas thart ar €470,000. Leis na deontais sin bhí na healaíontóiri ábalta freagairt ar bhealaí ina ndearnadh an comhrá náisiúnta i mbliain chomórtha an Éri Amach a bheochan, a éagsúlú agus a neartú. Thug siad saothar dúnne, mar shaoránaigh, de thuiscint agus léargas coscrach.

Is é tacáiocht airgeadais a thabhairt d'ealaíontóiri mar aon le sainchomhairle agus abhcóideacht ár bpíomhfeidhm. Tá an Fhoireann Tacaíochtaí d'Ealaíontóiri freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar sheachadadh bheartais agus fhórálacha na Comhairle de réir mar a bhaineann siad le riachtanais forbartha gairmiúla na n-ealaíontóiri (thar gach disciplín agus gach cleachtas) agus leis na dálaí a théann i bhfeidhm ar a gcuid oibre.

### Rannpháirtíocht sna hEalaíona

Is do lucht féachana agus éisteachta an ealaín agus dírionn an Chomhairle Ealaíon mar chomhlacht poiblí ar an lucht féachana agus éisteachta mar chuid riachtanach den mhisean atá de chúram orainn a sheachadadh ar a son. Tá rannpháirtíocht sna healaíona ina cuid riachtanach de thacaíocht a thabhairt d'ealaíontóiri ar mian leo oibriú i gcleachtas atá gniomhach go sóisialta. Cuid bhunúsach lárnach den mhéid a dhéanaimid is ea rannpháirtíocht an phobail a fhorbairt, lucht féachana agus éisteachta a fhás agus a dhéanamh éagsúl agus pobail a shroicheadh a mbíonn sé deacair acu teacht ar na healaíona.

Díritear rannpháirtíocht sna healaíona ar na cúig réimse comhthéacs seo a leanas: sláinte, míchumas, ilchineálacht

Arts & Disability Ireland hosted a conference in Galway entitled Creative Connections in January 2016, which offered an opportunity to explore issues and share ideas around arts and disability. Leading thinkers in the arts sector, nationally and internationally, explored arts practice, professional development, support, programming, access to the arts, leadership, advocacy and policy. International speakers included Jess Thom, Betty Siegel, Jez Colborne, Emma Bennison and Josette Bushell Mingo. The conference was funded by the Arts Council.

A national networking event took place in the context of Arts and Health entitled Check Up, Check In January 2015 organised by WHAT, Create and Dublin City Council's The LAB and planned through artsandhealth.ie. The event aimed to take the pulse of arts and health in Ireland and promote solidarity and connection among practitioners. It included academic and artistic presentations and discussion, and an intention to create a national manifesto on Arts and Health. All the events funded under ART:2016, the Arts Councils centenary programme, were made fully accessible in partnership with ADI, which included captioning, signing and other methods of ensuring the most inclusive audience as possible.

In partnership with the Health Service Executive, the Arts Council also commissioned research to explore the potential for the establishment of a formal framework to support the development of arts and health practice in Ireland, and the most strategic and effective options in this regard. This research undertaken by Trinity College Dublin was completed in 2016. These programmes underline our long-term commitment of bringing the arts to diverse audiences and participants and facilitating greater access to the arts.

chultúrtha, daoine breacaosta, agus pobail áite nó chomhspéise. Chomh maith le gnáth-thacar deontas agus dámhachtainí, a thacaíonn le healaíontóirí agus le heagraíochtaí ealaón a oibríonn i gcomhthéacsanna rannpháirtteacha agus comhoibríocha, leanann an Chomhairle Ealaón ar aghaidh ag maoiniú roinnt scéimeanna seachtracha a ndíritear go sonrach orthu. Ina measc siúd tá Scéim na nEalaíontóirí sa Phobal, á bainistiú ag Create, an ghniomhaireacht forbartha i gcomhair na n-ealaón comhpháirtteach; an Scéim Ceangal na nEalaón agus an Mhíchumais atá á bainistiú ag Arts & Disability Ireland; agus Scéim na nAmharc-ealaíontóirí agus na Scríbhneoirí sna Príosúin atá á gcómhaoiniú agus á mbainistiú i gcomhpháirtíocht le Seirbhís Phríosúin na hÉireann.

I mí Eanáir 2016 reáchtáil Arts & Disability Ireland comhdháil i nGaillimh dar teideal na *Naisc Chruthaitheacha*, inar tugadh deis chun saincheisteanna a fhiosrú agus smaointe maidir leis na healaíona agus míchumas a chomhroinnt D'fhiosraigh smainteoirí ceannródaíocha in earnáil na n-ealaón, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta, cleachtas ealaón, forbairt ghairmiúil, tacaíocht, cláir a leagan amach, rochtain ar na healaíona, ceannaireacht, tacaíocht agus ionadaíocht agus beartas. I measc na gcainteoirí idirnáisiúnta bhí Jess Thom, Betty Siegel, Jez Colborne, Emma Bennison agus Josette Bushell Mingo. Mhaoinigh an Chomhairle Ealaón an chomhdháil.

Tionóladh imeacht náisiúnta líonraithe i gcomhthéacs na nEalaón agus na Sláinte. D'eagraigh WHAT, Create agus The LAB de chuid Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath Check Up, Check In i mí Eanáir 2015 agus pleánáladh é trí [www.artsandhealth.ie](http://www.artsandhealth.ie). Ba é aidhm an imeachta cuisle na n-ealaón agus na sláinte in Éirinn a ghlacadh agus dlúthpháirtíocht agus ceangal i measc cleachtóirí a chothú. Áiríodh ann plé agus cuir i láthair acadúla agus ealaíonta agus rún foraithe náisiúnta a chruthú do na hEalaíona agus an tSláinte. Bhí rochtain iomlán ar na himeachtaí ar fad a maoiníodh faoi EALAÍN:2016, clár comórtha céad bliain na Comhairle Ealaón, i gcomhpháirtíocht le Arts & Disability Ireland, ina raibh teidealú, síniú agus modhanna eile chun cuimsiú uasta a chinntiú.

Chomh maith leis sin, i gcomhpháirt le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte choimisiúnaigh an Chomhairle Ealaón taighde ar an bhféidearthacht creat foirmiúil a bhunú le tacú le cleachtas ealaón agus sláinte a fhorbairt in Éirinn, agus na roghanna is straitéisí agus is éifeachtaí ina leith sin. Chuir Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, an taighde i gcrích in 2016. Léiríonn na cláir seo ár dtiomantas fadtéarmach do na healaíona a thabhairt go lucht féachana/éisteachta éagsúil agus rannpháirtithe éagsúla agus rochtain níos mó ar na healaíona a éascú.

# Review of the Year 2016

## Athbhreithniú ar an mBliain 2016 (ar lean)

4

### Venues

Venues matter not simply because they are buildings to make and showcase art, but because beyond that bare-bones purpose, they are hubs and spokes between the community and artist. They are places of shelter, of nurture for art and audience. By their physical presence they make a statement that art is accessible and available.

Forty-eight venues received funding from the Arts Council, in grants through the Annual Funding scheme (which covers core costs as well as programming costs), and Annual Programming Grants (which cover programme costs only). This represented an outlay of €5.2m approx. by the Arts Council. Support from local authorities to these venues represented a subsidy from local government to venues in excess of €6.5m. The partnership between the Arts Council and local authorities remains an essential support for the arts.

The modest increase in support from 2015 was welcomed after years of cutbacks and the financial situation further improved with the announcement by the Department of the Arts of a capital support scheme aimed at maintaining and upgrading the existing national infrastructure. Financial support is tangible, and it also contributes intangibly but essentially to morale.

